2017

Plean Póilíneachta Bliantúil an Gharda Síochána

Clár Ábhar

Brollach 4
Fís, Misean agus Luachanna 6
Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 7
Coireacht a Chomhrac 9
Póilíneacht ar Bhóithre 13
Idirchaidreamh Pobail agus Sábháilteacht Phoiblí 16
Forbairt Eagraíochtúil agus Feabhsú Acmhainní 19

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaím id
To deliver professional policing and security services with the trust confidence and support of the people we serve

Brollach

Is deas liom Plean Póilíneachta 2017 an Gharda Síochána a fhógairt, ina leagtar amach na tosaíochtaí póilíneachta don bhliain amach romhainn. Léiríonn sé an chaoi go bhfuil athrú chun feabhais ag teacht orainn trí chomhoibriú, nuálaíocht agus athnuachan. Ar nós blianta roimhe seo, tá an Plean Póilíneachta bunaithe ar aiseolas ón bpobal, ár ndaoine féin agus ár bpáirtithe leasmhara seachtracha, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina measc. Chomh maith leis sin, cuireann Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána Iúil 2016-2018; treoracha ón aire; cumas acmhainní; obair na gComhchoistí Póilíneachta; anailís agus taighde ar shonraí coireachta ar dhea-chleachtas i bpleanáil straitéiseach go hidirnáisiúnta, faisnéis ar fáil dó. I mbliana, áfach, cuimsítear sa phlean an iomaí forbairt agus tionscnamh a thit amach faoinár gClár Nuachóirithe agus Athnuachana cuimsitheach cúig bliana a chuir san áireamh torthaí tuarascálacha iomadúla inmheánacha agus seachtracha.

Plean ar leith atá i bPlean Póilíneachta 2017 i gcomparáid le Pleananna Póilíneachta roimhe seo mar gheall, den chéad uair, go ndearnadh cinneadh ar na tosaíochtaí agus na spriocanna feidhmíochta i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Údarás Póilíneachta. Déanfaidh an tÚdarás Póilíneachta, i gcaitheamh 2017, monatóireacht rialta ar an méid a bhainimid amach i gcoinne na spriocanna siúd. Áireofar leis seo tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana. Is é an toradh atá ar an gcomhoibriú seo ná Plean Póilíneachta a léiríonn go soiléir ár bpríomhthosaíochtaí don bhliain, conas a thabharfaimid faoina mbaint amach, agus conas a thomhaisfimid a rath. Don bhliain 2017, díreoimid ar chúig phríomhlimistéar: Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta, Coireacht a Chomhrac, Póilíneacht ar Bhóithre, Idirchaidreamh Pobail agus Sábháilteacht Phoiblí, agus Forbairt Eagraíochtúil agus Feabhsú Acmhainní.

Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta: Leanfaidh an Garda Síochána le dul i mbun nuálú chun an Stát a chosaint ó dhúshláin reatha agus iad siúd a thiocfaidh chun cinn amach anseo a bhaineann le slándáil. Áireofar leis seo grúpaí sceimhlitheoireachta agus a n-airgeadas a chomhrac trí oibríochtaí sprioctha; feabhas a chur ar ár gcórais faisnéise chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil do chinntí a dhéanamh; ár gcaidreamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta forfheidhmithe slándála agus dlí a threisiú; agus idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus grúpaí seachtracha chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar bhagairtí ar an tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, cuirfimid lenár gcumas chun cosc a chur ar bhagairtí cibearshlándála agus freagróimid dóibh.

Coireacht a Chomhrac: Tá cosc a chur ar choireacht ar chéad tosaíocht phóilíneachta an Gharda Síochána, agus leanann sé bheith amhlaidh. Díreoidh ár n-oibríochtaí ar phatrólú ard-infheictheachta, spriocdhíriú ar choirpigh agus cosc a chur ar choireacht ó tharlú. Táimid tiomanta do dhul i ngleic le gníomhaíocht choiriúil ar gach leibhéal den tsochaí, anuas ar shásamh íospartaigh a mhéadú agus coireanna gnéasacha a thuairisciú (ar limistéar é seo arb eol dúinn atá ina ábhar buartha). Rachaimid sa tóir go réamhghníomhach orthu siúd a bhfuil baint acu i ngrúpaí coireachta eagraithe agus leanfaimid ag comhoibriú chun coireacht idirnáisiúnta a chomhrac, faoi mar a d'éirigh linn a dhéanamh riamh anall.

Póilíneacht ar Bhóithre: Ag oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal, beidh básanna ar bhóithre agus imbhuailtí tromchúiseacha mar thosaíocht phóilíneachta. Leanfaidh ár n-obair lena chinntiú go bhfuil na bóithre is sábháilte agus is féidir in Éirinn. Bainfimid na cuspóirí seo amach trí fhorfheidhmiú ard-infheictheachta, tabhairt faoi anailís ar imbhuailtí agus oibríochtaí um póilíneacht ar bhóithre a chur i bhfeidhm. Fiosróimid bearta nua le gníomhaireachtaí comhpháirtithe maidir le comhlíonadh

tiománaithe agus le gréasán bóithre atá sábháilte agus saor ó choireacht a chur chun cinn. Cuirfear barr feabhais ar an úsáid a bhainfear as an teicneolaíocht chun úsáid an ghréasáin bhóithre a choimeád ó choirpigh, agus forbróimid ár gcumas póilíneachta.

Idirchaidreamh leis an bPobal agus Sábháilteacht Phoiblí: Ceann dár mórláidreachtaí is ea oibriú leis an bpobal agus a bheith mar chuid den phobal. Cuirfidh comhoibriú tiomanta agus gníomhach leis an láidreacht sin chun leanúint le pobail a chosaint agus tacú leo. Rachfar i ngleic le heagla i leith coireachta trí chosc, póilíneacht ard-infheictheachta, tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, agus imscrúduithe gairmiúla atá faoi stiúir eolais agus cumasaithe i dtaobh teicneolaíochta de a sholáthar. Cuirfear feabhas ar idirchaidreamh ar líne a dhéanamh le pobail ar réimse cainéil éagsúla mheán. Cuirfimid barr feabhais ar ár samhail de phóilíneacht phobail chun stíl agus saghas na póilíneachta a sholáthar a léiríonn ár dtiomantas do chosc a chur ar choireacht, pobail níos sábháilte a dhéanamh de phobail, agus dul i ngleic le dúshláin phóilíneachta gach pobail.

Forbairt Eagraíochtúil agus Feabhsú Acmhainní: Ar sheoladh an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana in 2016, thug an Garda Síochána faoi aistear mór athraithe. In 2017, cuirfimid leis an rath a bhí orainn, agus leanfaimid le hacmhainní agus feidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú.

Tá imscrúdú á dhéanamh ag an nGarda Síochána faoi láthair ar roinnt príomhlimistéir theicneolaíochta. Bainistíocht imscrúdaithe, mar shampla, chun an bhainistíocht a dhéantar ar gach imscrúdú a chaighdeánú agus a dhigitiú; bainistíocht maoine chun bainistíocht a dhéanamh ar gach maoin agus foilseán tríd an slabhra iomlán coimeádta; bainistíocht uainchlár chun feabhas a chur ar sceidealú agus imlonnú ár gcomhaltaí, agus ceannas agus rialú chun feabhas a chur ar rianú agus bainistíocht gach glao ar sheirbhís.

Is éard a eascróidh as cultúr athnuaite sa Gharda Síochána ná seirbhís phóilíneachta agus slándála atá freagrúil agus a dhéanann ionadaíocht do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí. Beidh an Garda Síochána feidhmíocht-tiomáinte agus beidh struchtúir thréana rialachais agus mhaoirseachta aige. Eascróidh seirbhís fheabhsaithe as seo don phobal, a mbeidh sábháilteacht fheabhsaithe phobail agus iontaoibh agus muinín mhéadaithe as an nGarda Síochána mar thoradh air.

Baineann ríthábhacht le tiomantas agus dúthracht phearsanra an Gharda Síochána chun an Garda Síochána a nuachóiriú, a athnuachan agus a ghairmiúlú chun go ndéanfar seirbhís phóilíneachta agus slándála den chéad scoth de. Cuirfimid na huirlisí, an treoir agus an tacaíocht cheart, an oiliúint agus an fhorbairt chuí, agus an cheannaireacht ar fáil dár ndaoine lena chur ar a gcumas acu a bpoist a dhéanamh go héifeachtach. Chomh maith leis sin, déanfaidh na tionscnaimh a dtugtar cuntas orthu inár bPlean Póilíneachta 2017 fíor-dhifríocht maidir leis na pobail ar a bhfreastalaímid.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh siúd a chur le forbairt an Phlean Póilíneachta seo, go háirithe Cathaoirleach, comhaltaí boird agus feidhmeannacht an Údaráis Phóilíneachta, as ucht an chúnaimh a thug siad. Eiseamláir atá i bPlean Póilineachta 2017 an Gharda Síochána dár dtiomantas chun éisteacht le agus foghlaim, chun ár n-aidhm a chomhlíonadh chun seirbhís phóilíneachta agus slándála a sholáthar atá oiriúnach don 21ú hAois.

Nóirín O'Sullivan, Coimisinéir

Fís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís		Bheith mar eiseamláir de phóilíneacht agus de shlándáil an 21ú haois
Ár Misean		Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
Ár Luachanna	*Seirbhís*	Seirbhísí réamhghníomhacha, freagrúla agus neamhchlaonta póilíneachta agus slándála a sholáthar
	Ionracas	Bheith ionraic, eiticiúil agus cloí le prionsabail na cothroime agus an cheartais
	Cuntasacht	Glacadh le freagracht aonair agus cuntasacht phoiblí a chinntiú
	Meas	Meas a léiriú ar gach duine, ar a gcearta daonna agus ar a riachtanais
	Gairmiúlacht	Seirbhís ghairmiúil agus slándáil a sholáthar do gach pobal
	Ionbhá	Ionbhá a léiriú trí thréithe daonna na hatrua, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe

Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

In éadan dúshláin dhinimiciúla agus iad siúd atá ag teacht chun cinn a bhaineann le slándáil, go háirithe maidir leis an sceimhlitheoireacht agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, ní mór don Gharda Síochána leanúint le dul i mbun nuálú ar bhonn leanúnach chun ár dtír agus muintir na tíre a chosaint. Aithnímid agus leanfaimid ag dul i ngleic leis na bagairtí a dhéanann sceimhlitheoireacht intíre agus domhandú gníomhaíocht sceimhlitheoireachta. Táimid thar a bheith feasach ar an fheiniméan ina dtaistealaíonn saoránaigh Eorpacha chuig áiteanna ina bhfuil coimhlint ag titim amach chun páirt a ghlacadh i ngníomhartha sceimhlitheoireachta agus ar an mbagairt fhéideartha a chruthaítear ar fhilleadh abhaile dóibh. Táimid feasach, anuas air sin, ar fhorbairtí atá tagtha ar an gcibearshlándáil agus ar an mbagairt fhéideartha a chruthaíonn daoine aonair féinradacaithe nó 'cadhain aonair', pé rud a spreagann chun gnímh iad.

Cuirfear barr feabhais ar ár straitéisí frithsceimhlitheoireachta chun dul i ngleic leis na dúshláin nua. Áireofar leis seo for-rochtain agus feasacht ar gach leibhéal den phóilíneacht le grúpaí pobail agus comhpháirtithe, agus leagfar béim ar chosc, dúshláin straitéiseacha a shárú, faisnéis agus eolas a roinnt, agus forfheidhmiú. Príomhghné de gach straitéis atá dírithe ar ár slándáil náisiúnta a chosaint is ea treisiú an chaidrimh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta slándála agus forfheidhmithe dlí. Leanfaimid ag dul i mbun pleanála le haghaidh móréigeandálaí lenár gcomhpháirtithe agus lena chinntiú, trí oiliúint agus trí mheasúnú riosca, go bhfuilimid ullamh chun freagairt ar bhealach tráthúil agus éifeachtach sa chás go dtagann móréigeandáil aníos.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
An Stát agus a mhuintir a chosaint ó sceimhlitheoireacht trí thabhairt faoi oibríochtaí atá faoi stiúir faisnéise i gcoinne gach gné de sceimhlitheoireacht, maoiniú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ina measc	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise	Díriú ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta, a maoiniú agus a ngníomhaíochtaí tacaíochta, trí oibríochtaí atá faoi stiúir faisnéise agus fianaise a dhéanamh d'fhaisnéis, a mhéid agus is féidir, chun ionchúisimh a éascú.	Cosc a chur ar ghníomhartha sceimhlitheoireachta trí chur isteach ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta, ar mhaoiniú agus líonraí tacaíochta agus iad a bhaint dá chéile, agus iad siúd atá freagrach a ionchúiseamh.
Córais nua faisnéisbhunaithe anailíseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, chun tomhas réamhghníomhach a dhéanamh ar an mbagairt a chruthaíonn grúpaí sceimhlitheoireachta agus feabhas a chur ar oibríochtaí réamhghabhálacha slándála	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise	Barr feabhais a chur ar ár gcórais faisnéise chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil do chinnteoireacht agus do mheasúnú a dhéanamh ar an mbagairt a chruthaíonn sceimhlitheoirí agus aonáin eile do shlándáil náisiúnta.	Cur chuige barrfheabhsaithe a chur i bhfeidhm, faoi Ráithe 4 2017, agus measúnuithe ráithiúla bagartha a sholáthar don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus nuashonruithe a sholáthar don Choiste Náisiúnta Slándála, faoi mar is cuí.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Oibriú go comhoibritheach lenár gcomhpháirtithe slándála agus cur le taifead rathúil de chomhoibriú le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus le seirbhísí slándála idirnáisiúnta	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise	Comhpháirtíochtaí agus idirghníomhartha leanúnacha idirnáisiúnta lenár gcomhpháirtithe slándála.	Rannpháirtíocht iomlán i bhfóraim dhéthaobhacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht in agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh slándála Eorpacha.
Oibriú go comhoibritheach le grúpaí mionlaigh chun feabhas a chur ar an gcaidreamh atá tréan cheana féin agus chun bagairtí a mhaolú a chruthaíonn antoisceachas	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí	Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha agus le grúpaí mionlaigh chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar bhagairtí ar an tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Iontaoibh agus muinín a chruthú le grúpaí mionlaigh trí idirghníomhú, comhoibriú, dearbhú a chur chun cinn agus malartú a dhéanamh le gach gné den éagsúlacht i sochaí na hÉireann.	Cumas barrfheabhsaithe chun saincheisteanna a bhuntacaíonn le bagairtí ar an Stát a shainaithint agus a thuiscint. Idirchaidreamh comhoibritheach leis na príomhghrúpaí mionlaigh.
Ionsaithe féideartha sceimhlitheoireachta a dhíspreagadh ó tharlú, trí réimse bearta póilíneachta agus slándála, lena n-áirítear ardanailísíocht phóilíneachta agus faisnéise a úsáid	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Oibríochtaí réamhghníomhacha faisnéisbhunaithe i gcoinne spriocanna sainithe.	Cosc a chur ar ionsaithe sceimhlitheoireachta.
Ár straitéis cibearshlándála agus cibearchoireachta a fhorbairt chun barr feabhais a chur ar ár gcumas chun teagmhais chibearshlándála agus chibearchoireachta a chosc agus freagairt dóibh	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise An Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta Coireachta	Plean um chur i bhfeidhm a fhorbairt don 'Cibearstraitéis Ardleibhéil don Gharda Síochána' i gcomhairle le Grúpa Oibre Cibearshlándála an Gharda Síochána agus le páirtithe leasmhara inmheánacha eile.*	Aonad um Imscrúdú Cibearchoireachta a bhunú agus a oibriú ag Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána. Straitéis nua cibearchoireachta a fhorbairt faoi Ráithe 4 2017.

An Toradh a bhfuil Súil leis: Stát slán agus sábháilte le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistiú ann.

* Cuirfidh an Garda Síochána tuarascálacha ráithiúla maidir le cur i bhfeidhm na Cibearstraitéise Ardleibhéil don Gharda Síochána faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta.

Coireacht a Chomhrac

Beidh an choireacht a chosc chun tosaigh i ngach gné dár gcuid oibre agus príomhshnáithe a bheidh ann dár straitéisí coireachta. Díreoidh ár n-oibríochtaí ar phatrólú ard-infheictheachta, spriocdhíriú ar choirpigh agus cosc a chur ar choireacht ó tharlú. Oibreoimid go dlúth lenár gcomhpháirtithe chun na deiseanna a laghdú chun dul i mbun coireachta agus athchiontú. Soláthróimid comhairle do phobail ar chosc ar choireacht a imríonn tionchar mór agus a théann i ngleic leis an gcoireacht. A luaithe a chuirtear coir in iúl, go dtí go mbíonn an chúirt ag déileáil léi, beidh imscrúdaitheoirí againn ar cuireadh ardoiliúint orthu agus a úsáideann an teicneolaíocht is déanaí lena chinntiú go ndéantar imscrúdú gairmiúil ar gach uile choir.

Ar feadh go leor blianta, d'éirigh leis an nGarda Síochána úsáid a bhaint as cur chuige ilghníomhaireachta, agus rinneadh comhpháirtíocht le heagraíochtaí ar an dá thaobh den teorainn, chun coireacht trasteorann a chomhrac. Leanfaidh an comhoibriú seo a bheith ríthábhachtach i dtaobh gníomhaíocht choiriúil ag a bhfuil toise thrasteorann a chomhrac, pé foinse nó spreagadh a bhíonn ag an ngníomhaíocht chéanna. Cruthaíonn coireacht thromchúiseach agus eagraithe dúshlán nach beag don mhaith choiteann agus don tsíocháin ar a mbraitheann an tsochaí shibhialta. Threisíomar ár gcumas le déanaí chun an bhagairt a chruthaíonn coireacht eagraithe a chomhrac trí Bhiúró comhdhlúite um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an DOCB) a bhunú a spriocdhíreoidh go réamhghníomhach orthu siúd a bhfuil baint acu i ngrúpaí coireachta eagraithe. Táimid tiomanta do dhul i ngleic le gníomhaíocht choiriúil ar gach leibhéal den tsochaí; sásamh íospartaigh a mhéadú agus coireanna gnéasacha a thuairisciú; rátaí coireachta a laghdú agus brath a mhéadú.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Straitéis chuimsitheach um chosc coireachta a chur i bhfeidhm go náisiúnta	An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí An Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	An Straitéis Náisiúnta um Chosc agus Laghdú Choireachta a chur i bhfeidhm.* Leanúint le gach íospartach na coireachta, íospartaigh na Coireachta Uafáis**, ach go háirithe, a spreagadh chun teacht i láthair agus na teagmhais siúd a chur in iúl.	An Straitéis Náisiúnta um Chosc agus Laghdú Choireachta a fhoilsiú faoi Ráithe 1 2017. Feabhas a chur ar thuairim phoiblí maidir le cumas an Gharda Síochána chun dul i ngleic leis an gcoireacht aníos ó 57% in 2015 go dtí 60% in 2017.*** Laghdú 5% tagtha ar theagmhais bhuirgléireachta laghdaithe in 2017.*** Laghdú 10% tagtha ar theagmhais robála in 2017.*** Laghdú 6% tagtha ar theagmhais ionsaí in 2017.*** Braistint bharrfheabhsaithe de shábháilteacht phoiblí, de réir mar a thomhaistear sa Suirbhé ar Mheon an Phobail. Taifeadadh méadaithe de theagmhais ina bhfuil spreagadh uafáis i gcoinne bhonnlíne 2016.

* Cuirfidh an Garda Síochána tuarascálacha ráithiúla maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chosc agus Laghdú Coireachta faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta.
** Is féidir 'Coir Uafáis' a thomhas i gcomhréir le spreagthaigh idirdhealaitheacha a liostaítear ar PULSE, córas ríomhaire an Gharda Síochána.
*** Braitheann spriocfhigiúirí 2017 ar shonraí coireachta bhliain iomlán 2016

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Tacú le híospartaigh na coireachta gnéasaí agus foréigean baile agus pleananna náisiúnta gníomhaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtithe	An Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Tionscnamh Seirbhísí Cosanta an Gharda Síochána a thabhairt isteach Forálacha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur i bhfeidhm chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac Na gníomhartha a chur i bhfeidhm a bhaineann le 2017 in Dara Straitéis Náisiúnta COSC um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021 i gcomhoibriú leis na ranna rialtais; an tSeirbhís Chúirteanna; an tSeirbhís Phromhaidh, TUSLA; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí eile ábhartha.	Aonaid Seirbhísí Cosanta a bhunú in 3 Cheantar an Gharda Síochána faoi Ráithe 4 2017. Tuairisciú méadaithe a dhéanamh ar chionta gnéasacha. Brath méadaithe a dhéanamh ar chionta gnéasacha. Líon méadaithe d'íospartaigh na Gáinneála ar Dhaoine arna shainaithint. Gníomhartha straitéiseacha COSC a chur i bhfeidhm a bhaineann le 2017.
Treoir ón AE maidir le hÍospartaigh a chur i bhfeidhm	An Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Leanúint le seirbhísí a fhorbairt d'íospartaigh na coireachta. Na hoibleagáidí uile a bhaint amach a bhaineann le híospartaigh atá cumhdaithe sa Treoir.	Sásamh méadaithe i measc íospartach aníos ó 57% in 2015 go dtí 65% in 2017. Moltaí an athbhreithnithe ón Oifigí um Sheirbhísí d'Íospartaigh a chur i bhfeidhm. Faisnéis a sholáthar ar an gcóras ceartais choiriúil, seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus comhairle ar shábháilteacht phearsanta trí láithreán gréasáin nua an Gharda Síochána.

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust confidence and support of the people we serve

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Feabhas a chur ar ár bhfreagairt tosaigh i leith coireachta a cuireadh in iúl agus ar an mbainistíocht a dhéanaimid ar imscrúduithe a luaithe a chuirtear coir in iúl go dtí an tráth sin a thugtar os comhair na cúirte í	An Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Feabhas a chur ar ár bhfreagairt ar ghlaonna ar sheirbhís tríd an gcóras Seachadta Ríomhchuidithe (CAD) a imlonnú ar fud na heagraíochta. Oifigeach imscrúdaithe agus maoirseoir a shannadh do gach teagmhas óna dteastaíonn imscrúdú.	CAD a imlonnú go náisiúnta faoi Ráithe 4. Sanntar oifigeach imscrúdaithe agus maoirseoir do gach teagmhas óna dteastaíonn imscrúdú. Feabhas a chur ar bhrath buirgléireachta, robálacha agus ionsaithe i gcomparáid le 2016.
Spriocdhíriú ar Ghrúpaí Coiriúla Eagraithe (GCEanna) agus ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu i gcoiriúlacht trí oibríochtaí atá faoi stiúir faisnéise	An Coimisinéir Cúnta Oibríochtaí Speisialta Coireachta Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Tabhairt faoi líonta méadaithe d'oibríochtaí i gcoinne GCEanna agus daoine aonair a bhfuil baint acu i gcoiriúlacht. Comhoibriú a choimeád le fórsaí idirnáisiúnta póilíní.	Brath a mhéadú chun drugaí a dhíol agus a sholáthar i gcomparáid le brath in 2016. An méid airm thine a urghabhtar a mhéadú i gcomparáid leis an líon urghabhála a rinneadh in 2016.
Córais nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tomhas réamhghníomhach a dhéanamh ar an mbagairt a chruthaíonn GCEanna	An Coimisinéir Cúnta Slándála agus Faisnéise	Barr feabhais a chur ar an gcreat fianaisebhunaithe lena chumasú tomhas réamhghníomhach a dhéanamh ar leibhéil bhagartha a bhaineann le GCEanna agus figiúirí bonnlíne a shocrú do na blianta amach romhainn.	Creat nua fianaisebhunaithe a imlonnú faoi Ráithe 4 2017.
Cur chuige athbhreithnithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i leith bainistíocht ciontóirí, ina measc ógchiontóirí agus ciontóirí atitimeacha trí chomhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta	Coimisinéir Cúnta Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Breis forbartha a dhéanamh ar Thionscnamh an Chuir Chuige Comhghníomhaireachta i leith Coireachta (J-ARC). Ár gCur Chuige Straitéiseach i leith Aititimeachas Ciontóirí (SAOR) a fheabhsú laistigh den Gharda Síochána. An Plean Gníomhaíochtaí um Cheartas	An J-ARC a thabhairt isteach in 12 Cheantar an Gharda Síochána faoi Ráithe 4 2017. SAOR a thabhairt isteach i ngach Ceantar an Gharda Síochána faoi Ráithe 4 2017.

i leith an Aosa Óig 2014-2018: Coireacht Óige a Chomhrac a chur i bhfeidhm, i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta ceartais choiriúil.

An Toradh a bhfuil Súil leis: Go mothaítear níos sábháilte inár bpobail; sásamh méadaithe íospartaigh; agus go dtiocfaidh laghduithe ar choireacht

Póilíneacht ar Bhóithre

Príomhthosaíocht don Gharda Síochána is ea caomhnú na beatha. Trínár mbóithre a choimeád sábháilte, cabhraíonn sé le saol a chosaint agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú. Ag oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal, laghdaíodh líon na mbásanna ar bhóithre agus sábháladh go leor saol. Is gá dúinn níos mó a dhéanamh, áfach, lena chinntiú go bhfuil in Éirinn na bóithre is sábháilte san Eoraip. Leanfaidh an Garda Síochána ag oibriú chun an líon daoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar bhóithre na hÉireann a laghdú, ar aon dul le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 an Rialtais a bhfuil de chuspóir aici go mbeidh Éire i measc na dtíortha ina mbaintear amach an tsábháilteacht ar bhóithre is fearr san Eoraip.

Bainfimid na cuspóirí seo amach trí fhorfheidhmiú ard-infheictheachta a dhéanamh ar an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre agus iompair ar bhóithre, tabhairt faoi anailís ar imbhuailtí agus oibríochtaí sprioctha atá faoi stiúir faisnéise a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, fiosróimid bearta nua le gníomhaireachtaí comhpháirtithe maidir le comhlíonadh tiománaithe agus oibreoimid leo chun gréasán bóithre atá sábháilte agus saor ó choireacht a chur chun cinn. Cuirfimid feabhas ar an úsáid a bhainimid as teicneolaíocht Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR), sonraí feithicle a chur i gcomparáid le taifid bhunachar sonraí chun taismigh bhóthair a laghdú go héifeachtach, coireacht a chosc agus a laghdú, rátaí braite a mhéadú agus ár gcumas póilíneachta faoi stiúir eolais a fhorbairt.

Déanfar feidhm Chór Tráchta an Gharda Síochána a athfhorbairt chun níos mó feidhmeanna póilíneachta bóithre a chuimsiú. Déanfar Aonad Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána den Chór Tráchta. Trí oibriú le pearsanra neamhthráchta, diúltófar úsáid an ghréasáin bhóithre do choirpigh agus cuirfear clár barrfheabhsaithe sábháilteachta i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus páirtithe leasmhara eile.

Leanfaimid ag dul i mbun pleanála le haghaidh móréigeandálaí lenár gcomhpháirtithe agus lena chinntiú, trí oiliúint agus trí mheasúnú riosca, go bhfuilimid ullamh chun freagairt ar bhealach tráthúil agus éifeachtach sa chás go dtagann móréigeandáil aníos.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann agus Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre in údaráis áitiúla chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú	An Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Bainistíocht Mórimeachtaí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Plean Oibríochtaí um Póilíneacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm don bhliain 2017 ar aon dul le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2013-2020. Comhoibriú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun sonraí a bhailiú agus chun taighde a dhéanamh orthu. Páirt a ghlacadh i seicphointí ilghníomhaireachta.	Comhlíonadh i measc úsáideoirí bóithre agus infheictheacht an Gharda Síochána a mhéadú, faoi mar a thomhaiseann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Básanna a laghdú anuas go dtí níos lú ná 136 ar aon dul le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais. Gortuithe tromchúiseacha a laghdú go dtí níos lú ná 380 ar aon dul le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
An úsáid a bhainimid as teicneolaíochtaí agus as uirlisí anailíseacha a mhéadú chun pleananna a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt chun tarlú imbhuailtí bóthair a laghdú; agus an úsáid a bhaintear as ár mbóithre le haghaidh gníomhaíocht choiriúil a laghdú	An Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Bainistíocht Mórimeachtaí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	An Straitéis Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR) a chur i bhfeidhm. Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar chriosanna atá tugtha d'imbhuailtí d'fhonn faisnéis a sholáthar d'imlonnú éifeachtach acmhainní um Póilíneacht ar Bhóithre.	Céim 1 de Straitéis an ANPR a thabhairt chun críche faoi Ráithe 3 2017.* Athbhreithniú a dhéanamh ar gach crios atá tugtha d'imbhuailtí faoi Ráithe 4 2017.
An Córas Próiseála Muirear Seasta a fhairsingiú, pointí pionóis ina measc	An Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Bainistíocht Mórimeachtaí Ceann Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána	Cur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Stiúrthóireacht an Gharda Síochána a thabhairt chun críche ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta laistigh de shainchúram an Gharda Síochána. Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta le comhlíonadh an bheartais eagraíochtúil a chinntiú.	A chinntiú go gcuirtear feabhsúcháin i bhfeidhm. Iniúchadh ar Chóras Próiseála Muirear Seasta an Gharda Síochána a thabhairt chun críche faoi Ráithe 4 2017.
An Cór Tráchta a threisiú agus a athfhorbairt chun gach foirm de choiriúlacht ar ár ngréasán bóithre a chomhrac	An Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Bainistíocht Mórimeachtaí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Athdhíriú an Chóir Thráchta a dhéanamh i dtreo dualgais um Póilíneacht ar Bhóithre. Acmhainní na nAonad um Póilíneacht ar Bhóithre a mhéadú.	Acmhainní a leithdháiltear d'Aonaid um Póilíneacht ar Bhóithre a mhéadú go hincriminteach 10% i measc na réigiún uile faoi dheireadh Ráithe 4 2017. Líonta na n-acmhainní bonnlíne amhail an 31 Nollaig 2016. Aonaid um Póilíneacht ar Bhóithre a sholáthar ag a bhfuil oideachas agus oiliúint saincheaptha.

* Cuirfidh an Garda Síochána tuarascálacha ráithiúla maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Uaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR) faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Pleanáil, measúnú riosca agus ullmhú oibríochtúil leanúnach le haghaidh móréigeandálaí i gcomhar le comhpháirtithe bainistíochta móréigeandála	An Coimisinéir Cúnta, Póilíneacht ar Bhóithre agus Bainistíocht Mórimeachtaí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Tabhairt faoi chleachtais rialta oiliúna i ngach réigiún le bheith ullamh d'éigeandálaí móra.	Cleachtais phleanáilte a thabhairt chun críche 100% i ngach réigiún.
An Toradh a bhfuil Súil leis: Sábháilteacht fheabhsaithe ar bhóithre agus deiseanna laghdaithe a bheith ann go mbainfidh coirpigh úsáid as ár ngréasán bóithre			

Idirchaidreamh Pobail agus Sábháilteacht Phoiblí

Ceann dár mórláidreachtaí mar sheirbhís póilíneachta is ea oibriú leis an bpobal agus bheith mar chuid den phobal. Is mian linn cur leis sin agus leanúint le pobail a chosaint agus tacú leo trí chomhoibriú tiomanta agus gníomhach. Leagfaimid béim láidir ar thionscnaimh choiscthe coireachta a oibrímid le grúpaí pobail. Is mian linn go ndéanfaidh gach comhalta Garda, comhalta sibhialtach agus gach comhalta den chúltaca nasc lena bpobal áitiúil, go bhforbróidh siad tuiscint ar a riachtanais agus ar conas is féidir linne, i dteannta ár gcomhpháirtithe straitéiseacha, pobal níos fearr a dhéanamh den phobal sin.

Is féidir le heagla i leith coireachta tionchar tromchúiseach a imirt ar cháilíocht beatha agus i measc roinnt daoine, féadfaidh an eagla sin a bheith níos measa ná mar a bhíonn sí i measc daoine eile. Tá sé mar aidhm againn an eagla i leith coireachta a laghdú trí chosc, tacaíocht sprioctha a thabhairt d'íospartaigh, agus imscrúduithe gairmiúla atá faoi stiúir eolais agus cumasaithe i dtaobh teicneolaíochta de, a sholáthar. Lorgóimid chun dearbhú níos mó a thabhairt do phobail trí phóilíneacht ard-infheictheachta, naisc láidre a fhorbairt agus a choimeád le pobail agus úsáid a bhaint as idirghabháil fhianaisebhunaithe, patrólú a dhéanamh i láithreacha ina ndéantar coireacht agus oibríochtaí sprioctha áitiúla agus náisiúnta.

Cinnteoimid go gcaitheann gach comhalta Garda, comhalta sibhialtach agus comhalta den chúltaca le gach duine de mhuintir na sochaí le meas agus go bhfuil an t-idirchaidreamh sin cabhrach agus bríoch. Bainfimid iontaoibh agus muinín gach pobail amach, agus cuirfimid feabhas ar leibhéal na seirbhíse a fhaigheann siad ón nGarda Síochána. Beimid níos gaire do na daoine ar a bhfreastalaímid, laghdóimid rátaí coireachta agus costais ghaolmhara; agus feabhsóimid an cháil atá ar Éirinn bheith mar áit chun gnó a dhéanamh ann agus cuairt a thabhairt air, a bhuíochas le samhail nua phóilíneachta.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Éiteas nua póilíneachta pobail a chruthú ina gcaitheann gach comhalta Garda, comhalta sibhialtach agus comhalta den chúltaca, gan aird ar a gcéim ná ar a ngrád, le seirbhís a sholáthar don phobal mar chroífheidhm	An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Creat Póilíneachta Pobail nua a fhorbairt. Infheictheacht an Gharda Síochána a mhéadú i bpobail áitiúla.	Creat Póilíneachta Pobail nua a chur i bhfeidhm faoi Ráithe 4 2017. An bhraistint phoiblí a mhéadú go bhfuil an Garda Síochána pobaldhírithe ar leibhéal 64% agus an leibhéal sin a choimeád i gcaitheamh 2017. Eagla roimh choireacht a laghdú. Bonnlíne le bunú in 2016. Infheictheacht an Gharda Síochána a mhéadú. Bonnlíne le bunú in 2016.
Próiseas breithmheasa feidhmíochta a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áireofar measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann gach comhalta den Gharda Síochána le hidirchaidreamh pobail agus le sábháilteacht phoiblí	Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	An Creat Feidhmíochta, Cuntasachta agus Foghlama (PALF)* a úsáid chun barr feabhais a chur ar an méid a chuireann gach comhalta den Gharda Síochána le hidirchaidreamh pobail.	An chéad chéim de PALF a thabhairt chun críche faoin gClár Nuachóirithe agus Athnuachana faoi Ráithe 4 2017.

* Soláthróidh creat bainistíochta feidhmíochta aonair agus foireannbhunaithe treoir, aiseolas agus tacaíocht forbartha do chomhaltaí.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Faisnéis chruinn, thráthúil agus spreagúil a sholáthar don phobal trí chainéil éagsúla mheán	An Coimisinéir Cúnta Feidhmiúcháin Seirbhísí Tacaíochta agus Corparáideacha (Oifig na Cumarsáide Corparáidí)	Barr feabhais a chur ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána chun eispéireas úsáideora agus comhtháthú a sholáthar leis na cainéil reatha mheán. Éascaíocht nascleanúna a sholáthar le haghaidh seirbhísí ar líne an Gharda Síochána.	Idirchaidreamh ar líne a choimeád chun tosaigh ar chaighdeáin an tionscail. Bonnlíne le bunú in 2016.
Caidreamh iontaofa a chruthú le pobail áitiúla, go háirithe le grúpaí mionlaigh agus grúpaí ilchineálacha agus deiseanna a mhéadú chun dul i mbun idirchaidreamh dearfach le daoine óga	An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Straitéis nua Éagsúlachta agus Cuimsithe an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm*. Triail phíolótach a bhaint as an tionscadal Idirchaidrimh Póilíní agus Pobail (PACE) i 6 Roinn an Gharda Síochána. Athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus ar sholáthar Chlár Scoileanna an Gharda Síochána.	Straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe an Gharda Síochána curtha i bhfeidhm faoi Ráithe 3 2017. Leibhéil mhéadaitheacha sásaimh leis an tseirbhís curtha ar fáil do phobail áitiúla aníos go dtí 72% agus an leibhéal sin a choimeád i gcaitheamh na coda eile den bhliain 2017. Comhréir mhéadaithe de dhaoine a bheith ann a bhraitheann go gcaitheann an AGS le gach duine go cothrom, gan aird ar a gcúlra. Bonnlíne arna bunú in 2017. Athbhreithniú ar Chlár na Scoileanna tugtha chun críche faoi Ráithe 3 2017. Scóip an tSuirbhé ar Mheon an Phobail a mhéadú chun daoine 16-18 mbliana d'aois a áireamh.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Teacht ar bhealaí nua chun idirchaidreamh a dhéanamh le pobail chun comhairle agus treoir shaincheaptha faoi choireacht a sholáthar	An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Comhairle um Chosc Coireachta a nuashonrú ar aon dul le saghsanna coireachta atá ag teacht chun cinn. Tabhairt faoi Laethanta ráithiúla um Chosc Coireachta ar leibhéil náisiúnta agus roinne agus leanúint le cur leis na Feachtais reatha um Thacú le Pobail Níos Sábháilte.	An chomhréir d'fhreagróirí an tSuirbhé ar Mheon an Phobail a mhéadú atá feasach ar fheachtais um chosc coireachta a reáchtálann an Garda Síochána aníos go dtí 80%. Coimeádta ag an leibhéal sin i gcaitheamh 2017.
Oibríochtaí réamhghabhálacha atá faoi stiúir faisnéise a úsáid, patrólú i láithreacha ina ndéantar coireacht agus patrólú ard-infheictheachta ina measc	Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Cuirfidh anailíseoirí le gníomhaíocht oibríochtúil faoina dtugann gach aonad a dhéanann coireacht ardmhinicíochta agus coireacht thromchúiseach araon a chomhrac.	Cuirfidh seo le spriocanna chun an choireacht a laghdú agus brath buirgléireachta, robálacha agus ionsaithe a mhéadú.
An caidreamh oibre a threisiú idir an tÚdarás Póilíneachta, Comhchoistí Póilíneachta agus bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht i leith buarthaí pobail	An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí	Idirchaidreamh a dhéanamh le Comhchoistí Póilíneachta (CCPanna) maidir le ceisteanna lena mbaineann buairt áitiúil agus náisiúnta i dtaca le coireacht agus ord poiblí.	D'fhreastail na hArd-Cheannfoirt ainmnithe go léir ar gach cruinniú de chuid na CCPanna.
Stáisiúin Gardaí a athoscailt	An Coimisinéir Cúnta Idirchaidrimh Pobail agus Sábháilteachta Poiblí	Stáisiúin Ghardaí a dúnadh a shainaithint lena n-athoscailt.	6 stáisiún Gardaí arna n-athoscailt faoi dheireadh Ráithe 4 2017.

An Toradh a bhfuil Súil leis: Laghdú ar an gcomhréir de dhaoine a bhfuil eagla orthu i leith coireachta agus méadú ar an gcomhréir de dhaoine (agus íospartaigh go háirithe) atá sásta leis an tseirbhís a sholáthraítear dóibh

* Cuirfidh an Garda Síochána tuarascálacha ráithiúla maidir le cur i bhfeidhm Straitéis nua Éagsúlachta agus Cuimsithe an Gharda Síochána faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta.

Forbairt Eagraíochtúil agus Feabhsú Acmhainní

Is éard a eascróidh as cultúr athnuaite sa Gharda Síochána ná seirbhís póilíneachta agus slándála atá freagrúil agus a dhéanann ionadaíocht do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí, atá feidhmíocht-tiomáinte, agus a bhfuil struchtúir shoiléire rialachais agus mhaoirseachta go hinmheánach agus go seachtrach aici. Baineann gné lárnach le seirbhís ghairmiúil póilíneachta agus slándála ag a bhfuil cleachtais agus struchtúir dhaingne rialachais le daonlathas éifeachtach a choimeád. Eascróidh seirbhís fheabhsaithe as seo don phobal, a mbeidh sábháilteacht fheabhsaithe phobail agus iontaoibh agus muinín mhéadaithe as an nGarda Síochána mar thoradh air.

Bainfidh ríthábhacht le tiomantas agus dúthracht leanúnach chomhaltaí Garda, chomhaltaí sibhialtacha agus chomhaltaí den chúltaca maidir leis an nGarda Síochána a chlaochlú agus a ghairmiúlú ina sheirbhís póilíneachta agus slándála den chéad scoth. Cuirfimid na huirlisí, an treoir agus an tacaíocht cheart, an oiliúint agus an fhorbairt chuí, agus an cheannaireacht ar fáil dár ndaoine lena chur ar a gcumas acu a bpoist a dhéanamh. Seasfaimid le agus cosnóimid cearta daonna do chách. Rachaidh seirbhís póilíneachta ghairmiúil atá bunaithe ar chearta daonna chun mórshochair na sochaí agus cabhróidh sé leis an gcáil a mhéadú atá ar an tír bheith mar áit shábháilte agus fháilteach le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air, agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann.

Soláthrófar an clár nuachóirithe agus athnuachana i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn. Déanfar roinnt tionscnamh a chur i bhfeidhm idir an gearrthéarma agus an meántéarma, ach teastóidh roinnt blianta ó chinn eile lena gcur i bhfeidhm. Tá an clár in ainm is bheith lúfar agus coigeartófar pleananna bunaithe ar chomhairliúchán a dhéantar lenár gcomhpháirtithe nó ar dhúshláin nua atá tagtha chun cinn. Cuimsíonn príomhthéamaí an chláir iomláine mholtaí na gcigireachtaí, na n-iniúchtaí agus na gCoimisiún Imscrúdúcháin éagsúil a rinneadh ar an nGarda Síochána agus déanfar tuairisciú ar an dul chun cinn maidir leis na téamaí seo ar bhonn rialta. Tá na meicníochtaí le haghaidh athrú ar bun agus táimid tiomanta do thomhas leanúnach a dhéanamh lena dheimhniú go bhfuil ár seirbhís á gairmiúlú again, go bhfuil feidhmíocht á feabhsú, go bhfuil maorlathas á laghdú, go gcumasaítear ár lucht saothair agus go léirítear ionbhá, ionracas, cuntasacht agus meas ag gach comhéadan, go hinmheánach agus go seachtrach.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Fostaithe a spreagadh chun aon smaointe nó buarthaí a thabhairt chun solais a d'fhéadfadh bheith acu agus a chinntiú go n-éistear agus go dtacaítear leo	An Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Cultúr a chruthú ina n-éistfear agus ina dtacófar le duine ar bith a thugann saincheisteanna nó buarthaí chun solais. Tabhairt faoi iniúchadh cultúrtha ar an nGarda Síochána agus é a fhoilsiú.	Sonraí bonnlíne a bhunú agus an tIniúchadh Cultúrtha a fhoilsiú faoi dheireadh Ráithe 3 chun toilteanas na foirne a thomhas chun saincheisteanna nó buarthaí a thabhairt chun solais, Nochtadh Cosanta ina measc.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Tacú leis an Údarás Póilíneachta agus Cód Eitice á fhorbairt agus, i dteannta ár gcroíluachanna, é a leabú go cuimsitheach ar fud na heagraíochta	Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	An Cód nua Eitice a chur chun cinn go gníomhach trí oiliúint agus cumarsáid.	Plean leanúnach inmheánach cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun Gardaí, Cúltaca an Gharda Síochána agus comhaltaí sibhialtacha a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu maidir le ceisteanna eiticiúla faoi dheireadh Ráithe 1 2017. An Cód Eitice a chur san áireamh i gcláir oiliúna, ó oiliúint mac léinn ar aghaidh, i gColáiste an Gharda Síochána faoi dheireadh Ráithe 2 2017.
Struchtúr agus creat éifeachtach rialachais a thabhairt isteach agus bainistíocht riosca a chothú i gcultúr ár n-eagraíochta agus aibíocht ár gcur chuige bainistíochta a fhorbairt i leith bainistíocht rialachais agus riosca	Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach An Coimisinéir Cúnta Rialachais agus Cuntasachta	Struchtúr nua rialachais a chur i bhfeidhm sa Gharda Síochána. 'An Cur Chuige Leasaithe i leith Bainistíochta Riosca sa Gharda Síochána' a chur i bhfeidhm go hiomlán. Moltaí tuarascálacha foilsithe tríú páirtí a bhaineann leis an nGarda Síochána a chur i bhfeidhm.	Struchtúr nua rialachais a imlonnú ar fud na heagraíochta faoi dheireadh Ráithe 1 2017. Cur chuige nua i leith Bainistíocht Riosca a chur i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh Ráithe 1 2017. Tuarascálacha ráithiúla a sholáthar ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn um chur i bhfeidhm do ghníomhaireachtaí ábhartha maoirseachta, an tÚdarás Póilíneachta ina measc.
Dul i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha ár bhfostaithe lena chinntiú go bhfuil na scileanna, an trealamh agus an bonneagar ceart againn chun an réimse fairsing seirbhísí a mbítear ag súil leis a sholáthar go héifeachtach	An Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine	Straitéis Acmhainní Daonna agus Samhail Oibriúcháin a fhorbairt.*	Measúnú a dhéanamh ar mheonta tríd an Iniúchadh ar Chultúr. Bonnlíne le bunú in 2017.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Ár gcur chuige i leith glaonna ar sheirbhís, imscrúdú agus coireacht a bhainistiú go gairmiúil a chlaochlú agus leas á bhaint as daoine ar cuireadh dea-oiliúint orthu agus as faisnéis agus teicneolaíocht atá cothrom le dáta	An Coimisinéir Cúnta Feidhmiúcháin Seirbhísí Tacaíochta agus Corparáideacha	Seirbhís thapa chruinn ghrinnfhiosrúcháin a sholáthar i gcomhpháirt le heagraíochtaí pobail chun daoine óga agus leochaileacha a chosaint. Teicneolaíocht a úsáid chun na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint.	Tá 95% de na hiarratais uile ar ghrinnfhiosrúchán le próiseáil ar Ríomh-ghrinnfhiosrúchán faoi Ráithe 4 2017 Cuirfear 80% de na hiarratais uile ar ghrinnfhiosrúchán i gcrích laistigh de 5 lá oibre Bac a chur leanaí a dhúthshaothrú ar líne
Leanfaimid le Clár Nuachóirithe agus Athnuachana an Gharda Síochána a chur chun cinn	An Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Bainistíocht Straitéisí agus Athraithe	Tionscadail sceidealaithe an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana a chur i bhfeidhm don bhliain 2017.	Tuairisciú sceidealaithe a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha maoirseachta.
Tús a chur le cur i bhfeidhm phlean athchóirithe lucht saothair cúig bliana an Rialtais don Gharda Síochána	An Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine	800 Garda agus 500 comhalta foirne sibhialtach a earcú agus oiliúint a chur orthu ar bhonn céimnitheach. Cúltaca an Gharda Síochána a mhéadú. Oibriú i gcomhar leis an Údarás Póilíneachta chun plean ath-imlonnaithe cúig bliana a thabhairt chun críche le haghaidh Gardaí i bpoist neamhoibríochtúla. Triail phíolótach a bhaint as samhail hibrideach feidhmeach phóilíneachta i gceithre roinn den Gharda Síochána.	200 Garda a roghnú agus a earcú in aghaidh na ráithe in 2017 agus tús a chur lena n-oiliúint. 500 comhalta foirne sibhialtach a roghnú agus a earcú faoi dheireadh Ráithe 4 2017. 300 comhalta Chúltaca an Gharda Síochána a earcú faoi dheireadh Ráithe 4 2017 agus tús a chur lena n-oiliúint. Tionscadail phíolótacha arna gcríochnú agus arna measúnú.

* Cuirfidh an Garda Síochána tuarascálacha ráithiúla maidir le forbairt Shamhail na Straitéise Acmhainní Daonna agus Oibriúcháin faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta.

Déanfaimid an méid a leanas:	Freagracht	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Cáilíocht sonraí laistigh den Gharda Síochána a fheabhsú	An Coimisinéir Cúnta Feidhmiúcháin Seirbhísí Tacaíochta agus Corparáideacha Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach	Aonad um Cháilíocht Sonraí a bhunú laistigh de Lárionad Seirbhís Eolais an Gharda Síochána. A chinntiú go ndéantar gach teagmhas a rangú i gceart, stádas braite ina measc. Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD) a chur i bhfeidhm chun tacú le taifeadadh cruinn glaonna ar chóras PULSE.	Aonad um Cháilíocht Sonraí a bhunú faoi dheireadh Ráithe 4 2017. Comhréir mhéadaithe de theagmhais rangaithe i gceart. Comhréir mhéadaithe de bhrath rangaithe i gceart. CAD a imlonnú go náisiúnta faoi Ráithe 4 2017.
An Toradh a bhfuil Súil leis: Eagraíocht nua-aimseartha agus athnuaite a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla agus cuntasacha, atá mar eiseamláir de phóilíneacht agus de shlándáil an 21ú haois.			

MOTOROLA
GARDA

GARDA